TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
MEDINA
arna tabhairt an 11 Meán Fómhair 2025[1]

Cás C-58/24

NE,
MY,
HJ,
XF,
WB,
UV,
VK,
JU,
RJ,
DZ
V
An Bord Pleanála,
An tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (Éire),
An tArd-Aighne,
Páirtí an fhógra:
Drumakilla Limited

(Iarraidh ar réamhrialú ón Ard-Chúirt (Éire))

(Iarraidh ar réamhrialú – Timpeallacht – Treoir 92/43/CEE – Caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fauna agus flora fiáine – Airteagal 12 – Córas dhianchosaint speiceas ainmhithe áirithe – Airteagal 16 – Maolú a deonaíodh in oirchill iarratais ar chead pleanála le haghaidh tionscadal a chumhdaítear faoi Threoir 2011/92/AE – Airteagal 11 – Coinbhinsiún Aarhus – Airteagal 9(2) – Féinriail nós imeachta – Prionsabail na héifeachtachta – Rialacha nós imeachta chun cur i gcoinne bhailíocht cinnidh maolaithe agus cinnidh um thoiliú forbartha)

[1] Bunteanga: an Béarla.

I. Réamhrá

1. Baineann an Tuairim seo le hiarraidh ar réamhrialú maidir le léiriú na Treorach maidir le Gnáthóga [2] agus Threoir MTT. [3] Is í an Ard-Chúirt (Éire) a rinne an tarchur, i gcomhthéacs na n-imeachtaí a thionscain grúpa daoine nádúrtha [4] i gcoinne an chinnidh maolaithe a dheonaigh údaráis na hÉireann, faoi Airteagal 16(1) den Treoir maidir le Gnáthóga, chun tógáil aonad cónaithe ag iar-mhainistir Chairmeileach i nDeilgne (Contae Chill Mhantáin, Éire) a éascú. [5] Tá an mhainistir sin lonnaithe faoi láthair i gcoilíneacht mhór micrialtóg, ar speicis iad a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Treoir maidir le Gnáthóga [6] atá faoi dhianchosaint.

2. Dar leis an gcúirt a rinne an tarchur, eascraíonn an iarraidh as an bhfíoras nár chuir na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí i gcoinne bhailíocht an chinnidh maolaithe atá i gceist laistigh den tréimhse a fhorordaítear faoi dhlí na hÉireann. Rinneadh agóid in aghaidh an mhaolaithe sin – a bhfuil 'údar an-chuí' leis, dar leis an gcúirt sin, ag an am céanna leis an gcinneadh lena ndeonaítear toiliú forbartha don tionscadal, tar éis don tréimhse sin dul in éag. Dar leis an gcúirt a rinne an tarchur, ciallaíonn sé sin gur cheart a chinneadh go bhfuil an t-iarratas chun an cinneadh maolaithe a neamhniú as am agus gur cheart é a dhíbhe, faoi réir aon riail de dhlí an Aontais a bhféadfadh toradh dá mhalairt a bheith ag teastáil ina leith.

3. Ardaíonn an cás seo, ar an gcéad dul síos, ceisteanna de chineál nós imeachta. Ceanglaítear leis ar an gCúirt a chinneadh an bhfuil riail nós imeachta dlí náisiúnta lena leagtar síos tréimhse ama éagsúil chun agóid a dhéanamh i gcoinne bhailíocht, ar thaobh amháin, cinnidh maolaithe arna dheonú faoi Airteagal 16(1) den Treoir maidir le Gnáthóga agus, ar an taobh eile, cinneadh um thoiliú forbartha a thagann faoi raon feidhme Threoir MTT, comhoiriúnach le dlí an Aontais, go háirithe i bhfianaise phrionsabal na rochtana leithne ar cheartas a chumhdaítear i gCoinbhinsiún Aarhus. [7] Beidh ar an gCúirt machnamh a dhéanamh, chuige sin, ar na hiarmhairtí nós imeachta a eascraíonn as a breithiúnas an 24 Feabhra 2022, *Namur-Est Environnement* (C-463/20, EU:C:2022:121), [8] inar dhearbhaigh sí, go bunúsach, go bhfuil cinneadh maolaithe arna ghlacadh faoin Treoir maidir le Gnáthóga mar chuid, faoi choinníollacha áirithe, de nós imeachta um thoiliú forbartha arna bhunú le Treoir MTT. Ar an dara dul síos, tugtar deis leis an gcás don Chúirt tuilleadh treorach a sholáthar maidir leis na coinníollacha substainteacha nach mór d'údarás inniúil Ballstáit a chomhlíonadh nuair a cheadaíonn sé d'fhorbróir tionscadal a chumhdaítear le Treoir MTT maolú ar na toirmisc a leagtar síos sa Treoir maidir le Gnáthóga.

2 Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (IO 1992 L 206, lch. 7; 'an Treoir maidir le Gnáthóga').

3 Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol (IO 2012 L 26, lch. 1; 'Treoir MTT').

4 'Na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí'.

5 'An tionscadal forbartha'.

6 Féach freisin an Coimisiún Eorpach, 'Plean gníomhaíochta an Aontais maidir le gach speiceas rialta san Aontas Eorpach a chaomhnú (2018-2024)' agus 'Doiciméad comhlántach', an 13 Eanáir 2023, le fáil ag https://circabc.europa.eu/ui/group/3f466d71-92a7-49eb-9c63-6cb0fadf29dc/library/2b8bfe05-4fa6-43d5-b82a-c6d484cb82e4/details.

7 An Coinbhinsiún maidir le rochtain ar fhaisnéis, rannpháirtíocht phoiblí i gcinnteoireacht agus rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil, arna shíniú in Aarhus (an Danmhairg) an 25 Meitheamh 1998 agus arna fhormheas thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh le Cinneadh 2005/370/CE ón gComhairle an 17 Feabhra 2005 (IO 2005 L 124, lch. 1; 'Coinbhinsiún Aarhus').

8 'An breithiúnas in *Namur-Est Environnement*'.

II. An dlí lena mbaineann

A. Dlí idirnáisiúnta

4. Foráiltear le hAirteagal 9 de Choinbhinsiún Aarhus, dar teideal 'Rochtain ar an gceartas':

'[…]

2. Áiritheoidh gach Páirtí, faoi chuimsiú a reachtaíochta náisiúnta, go ndéanfaidh daoine den phobal lena mbaineann an méid seo a leanas:

(a) a bhfuil leas dóthanach acu nó, mar mhalairt air sin,

(b) sárú ar cheart a choinneáil ar bun, i gcás ina gceanglaítear é sin mar réamhchoinníoll le dlí nós imeachta riaracháin Páirtí, rochtain a bheith acu ar nós imeachta athbhreithnithe os comhair cúirt dlí agus/nó comhlacht neamhspleách neamhchlaonta eile arna bhunú le dlí, chun agóid a dhéanamh in aghaidh dlíthiúlacht shubstainteach agus dlíthiúlacht nós imeachta aon chinnidh, gnímh nó neamhghnímh faoi réir fhorálacha Airteagal 6 agus, i gcás ina bhforáiltear amhlaidh faoin dlí náisiúnta agus gan dochar do mhír 3 thíos, d'fhorálacha ábhartha eile an Choinbhinsiúin seo.

[…]

5. Áiritheoidh gach Páirtí go soláthrófar faisnéis don phobal maidir le rochtain ar nósanna imeachta um athbhreithniú riaracháin agus athbhreithniú breithiúnach agus breithneoidh sé sásraí cúnaimh iomchuí a bhunú chun bacainní airgeadais agus bacainní eile ar rochtain ar cheartas a bhaint nó a laghdú chun éifeachtacht fhorálacha an airteagail seo a chur chun cinn.'

B. Dlí an Aontais Eorpaigh

1. An Treoir maidir le Gnáthóga

5. Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 12(1) den Treoir maidir le Gnáthóga:

'Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun córas dianchosanta a bhunú do na speicis ainmhithe a liostaítear in Iarscríbhinn IV(a) ina raon nádúrtha, lena dtoirmisctear an méid seo a leanas:

[…]

(b) cur isteach d'aon ghnó ar na speicis sin, go háirithe le linn na tréimhse pórúcháin, tógála, geimhrithe agus imirce;

…

(d) meath ar láthair phórúcháin nó ar áiteanna scíthe nó iad a scriosadh.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6. Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 16(1) den Treoir maidir le Gnáthóga:

‘Ar choinníoll nach bhfuil aon rogha mhalartach shásúil ann agus nach ndéanann an maolú dochar do chothabháil líon na speiceas lena mbaineann ag stádas caomhantais fabhrach ina raon nádúrtha, féadfaidh na Ballstáit maolú ar fhorálacha Airteagail 12, 13, 14 agus 15(a) agus (b):

(a) ar mhaithe le fauna agus flora fiáine a chosaint agus gnáthóga nádúrtha a chaomhnú;

…

(c) ar mhaithe leis an tsláinte phoiblí, nó le cúiseanna sáraitheacha a bhaineann leis an leas poiblí, lena n-áirítear cúiseanna ar de chineál sóisialta nó eacnamaíoch iad agus iarmhairtí sochracha atá sárthábhachtach don chomhshaol;

…’

7. Bunaítear an méid seo a leanas le hIarscríbhinn IV a ghabhann leis an Treoir maidir le Gnáthóga, faoin teideal ‘Speicis ainmhithe agus plandaí ar leas an phobail iad a bhfuil dianchosaint de dhíth orthu’:

8. ‘[…]

(a) AINMHITHE

VEIRTEABRAIGH

[…]

MICRIALTÓGA

[…]’

2. Treoir MTT

9. Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 1 de Threoir MTT:

‘1. Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí comhshaoil na dtionscadal poiblí agus príobháideach sin ar dócha go mbeidh éifeachtaí suntasacha acu ar an gcomhshaol.

2. Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn “tionscadal”:

– oibreacha foirgníochta nó suiteálacha nó scéimeanna eile a dhéanamh,

[…]

(c) ciallaíonn “toiliú forbartha” cinneadh an údaráis inniúil nó na n-údarás inniúil a thugann teideal don fhorbróir dul ar aghaidh leis an tionscadal;

[…]

(g) ciallaíonn “measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol” próiseas arb é atá ann:

(i) tuarascáil ar an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a ullmhú ag an bhforbróir, […]

[…]

(iv) conclúid réasúnaithe an údaráis inniúil maidir le héifeachtaí suntasacha an tionscadail ar an gcomhshaol, agus torthaí an scrúdaithe dá dtagraítear i bpointe (iii) agus, i gcás inarb iomchuí, a scrúdú forlíontach féin á gcur san áireamh; agus

(v) conclúid réasúnaithe an údaráis inniúil a chomhtháthú in aon cheann de na cinntí dá dtagraítear in Airteagal 8a.

[…]’

10. Sonraítear an méid seo a leanas in Airteagal 2 de Threoir MTT:

‘1. Glacfaidh na Ballstáit na bearta uile is gá chun a áirithiú, sula dtabharfar toiliú forbartha, go mbeidh tionscadail ar dóigh dóibh éifeachtaí suntasacha a bheith acu ar an gcomhshaol de bhua, *inter alia*, a gcineáil, a méide nó a suímh, faoi réir ceanglais maidir le toiliú forbartha agus faoi réir measúnú i ndáil lena n-éifeachtaí ar an gcomhshaol. Sainmhínítear na tionscadail sin in Airteagal 4.

[…]’

11. Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 4 de Threoir MTT:

12. ‘[…]

2. Faoi réir Airteagal 2(4), maidir le tionscadail a liostaítear in Iarscríbhinn II, cinnfidh na Ballstáit an gcuirfear an tionscadal faoi réir measúnú i gcomhréir le hAirteagail 5 go 10. Déanfaidh na Ballstáit an cinneadh sin tríd an méid seo a leanas:

(a) scrúdú ar bhonn cás ar chás;

nó

(b) tairseacha nó critéir arna socrú ag an mBallstát.

Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh an dá nós imeachta dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) a chur i bhfeidhm.

[…]

4. I gcás ina gcinnfidh na Ballstáit cinneadh a éileamh le haghaidh na dtionscadal a liostaítear in Iarscríbhinn II, soláthróidh an forbróir faisnéis maidir le saintréithe an tionscadail agus na héifeachtaí suntasacha is dócha a bheidh aige ar an gcomhshaol. Sonraítear an liosta mionsonraithe faisnéise atá le soláthar in Iarscríbhinn II.A […]

[…]’

13. Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 6 de Threoir MTT:

‘[…]

2. Chun rannpháirtíocht éifeachtach an phobail lena mbaineann sna nósanna imeachta cinnteoireachta a áirithiú, cuirfear an pobal ar an eolas go leictreonach agus trí fhógraí poiblí nó trí mhodhanna iomchuí eile maidir leis na nithe seo a leanas go luath sna nósanna imeachta cinnteoireachta comhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 2(2) agus, ar a dhéanaí, a luaithe is féidir faisnéis a sholáthar go réasúnta:

(a) an iarraidh ar chead don fhorbairt;

[…]’

14. Le hAirteagal 11 de Threoir MTT, leagtar síos rialacha maidir le caingne a thugtar in aghaidh cinntí atá faoi réir rannpháirtíocht an phobail faoi Threoir MTT:

‘1. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcomhréir leis an gcóras dlí náisiúnta ábhartha, go ndéanfaidh daoine den phobal lena mbaineann an méid seo a leanas:

(a) leas leordhóthanach a bheith acu, nó de rogha air sin;

(b) sárú ar cheart a choinneáil, i gcás ina gceanglaítear é sin mar réamhchoinníoll le dlí nós imeachta riaracháin Ballstáit;

rochtain a bheith acu ar nós imeachta um athbhreithniú os comhair cúirt dlí nó comhlacht neamhspleách neamhchlaonta eile arna bhunú le dlí chun agóid a dhéanamh i gcoinne dlíthiúlacht shubstainteach nó dlíthiúlacht nós imeachta cinntí, gníomhartha nó neamhghníomhartha faoi réir fhorálacha na Treorach seo maidir le rannpháirtíocht phoiblí.

2. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an chéim ag ar féidir agóid a dhéanamh in aghaidh na gcinntí, na ngníomhartha nó na neamhghníomhartha.

[…]

5. Chun éifeachtacht fhorálacha an Airteagail seo a chur chun cinn, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear faisnéis phraiticiúil ar fáil don phobal maidir le rochtain ar nósanna imeachta um athbhreithniú riaracháin agus athbhreithniú breithiúnach.’

C. Dlí na hÉireann

15. Foráiltear le hOrdú 84, Riail 21, de Rialacha na nUaschúirteanna[9]:

‘(1) Déanfar iarratas ar chead chun iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach laistigh de thrí mhí ón dáta a tháinig forais an iarratais chun cinn ar dtús.

[9] ‘RnU’.

[…]

(3) D'ainneoin fho-riail (1), féadfaidh an Chúirt, ar iarratas chuige sin, an tréimhse ar laistigh di a fhéadfar iarratas ar chead chun athbhreithniú breithiúnach a iarraidh a fhadú, ach ní dhéanfaidh an Chúirt an tréimhse sin a fhadú ach amháin más deimhin léi:

(a) go bhfuil cúis mhaith leordhóthanach ann chun déanamh amhlaidh, agus

(b) na himthosca ba chúis le mainneachtain an t-iarratas ar shaoire a dhéanamh laistigh den tréimhse a luaitear i bhfo-riail (1):

(i) go raibh siad lasmuigh de rialú, nó

(ii) nach bhféadfadh an t-iarratasóir a bheith ag súil leis go réasúnach ar shíneadh den sórt sin.

[…]'

III. Fíorais, nós imeachta agus na cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

16. An 17 Eanáir 2020, in oirchill cead pleanála le haghaidh tionscadal forbartha, chuir Drumakilla Limited [10] iarratas faoi bhráid na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (Éire) ar chinneadh maolaithe de bhun Airteagal 16(1) den Treoir maidir le Gnáthóga. Bhain an t-iarratas le micrialtóga, ar speicis iad atá faoi dhianchosaint i gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann leis an Treoir sin, go háirithe faoin ngrúpa ainmhithe *Microchiroptera*. Eisíodh an cinneadh maidir le maolú an 4 Márta 2020 agus leasaíodh é ina dhiaidh sin an 21 Iúil 2020 chun an ialtóg fhadchluasa (*Plecotus auritus*) a chur san áireamh.

17. An 21 Deireadh Fómhair 2020, rinne Drumakilla iarratas ar chead pleanála don tionscadal forbartha. Bhí, *inter alia*, tuarascáil scagtha ar an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol agus an cinneadh leasaithe maidir le maolú ag gabháil leis an iarratas.

18. An 15 Feabhra 2021, thug An Bord Pleanála (Éire) cead pleanála don tionscadal. [11] Sa chinneadh uaidh, mheas sé gur sainaithníodh agus gur tugadh tuairisc leordhóthanach sa tuarascáil scagtha a chuir Drumakilla isteach ar na héifeachtaí is dócha a bheidh ag an tionscadal forbartha ar an gcomhshaol. Thairis sin, dar leis an mBord Pleanála, níor dhócha go mbeadh éifeachtaí suntasacha ag an bhforbairt bheartaithe ar an gcomhshaol mar gheall ar chineál agus suíomh an láithreáin. Dá bhrí sin, tháinig sé ar an gconclúid nach raibh gá le measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol.

19. An 25 Márta 2021, rinne na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí agóid in aghaidh an chinnidh maidir le cead pleanála agus an chinnidh maidir le maolú.

20. Dhiúltaigh an Ard-Chúirt (Éire), arb í an chúirt a rinne an tarchur sa chás seo, don iarratas ar neamhniú an chinnidh maidir le cead pleanála. Os a choinne sin, cuireadh ar atráth é le haghaidh tuilleadh aighneachtaí san agóid a rinneadh i gcoinne an chinnidh maidir le maolú.

[10] 'Drumakilla' nó 'an forbróir'.

[11] Ní mór deonú cead pleanála a thuiscint mar thagairt don choincheap 'toiliú forbartha', mar a shainmhínítear in Airteagal 1(2)(c) de Threoir MTT.

21. I ndáil leis sin, sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur, ar an gcéad dul síos, cé go léirítear leis an gcinneadh maolaithe nach bhfuil aon rogha mhalartach shásúil ann seachas deonú an mhaolaithe sin, nach nochtann na hábhair aon bhreithniú ar roghanna eile a bhfuil tionchar níos lú acu ar speicis atá faoi dhianchosaint, nó ar an rogha mhalartach gan an ceadúnas a dheonú. Is féidir a thuiscint as sin gur dócha nach ndearnadh aon bhreithniú den sórt sin ar roghanna malartacha. Thairis sin, cuireann an chúirt a rinne an tarchur in iúl go luaitear sa chinneadh maidir le maolú go n-eisítear é ar mhaithe le cosaint an speicis lena mbaineann, conclúid atá, dar leis an gcúirt sin, 'go follasach míréasúnta agus áiféiseach go deimhin'.

22. Ar an dara dul síos, cuireann an chúirt a rinne an tarchur in iúl, faoi dhlí na hÉireann, nach bhfuil aon reacht sonrach ann lena sonraítear an teorainn ama chun agóid a dhéanamh i gcoinne bailíocht cinnidh maidir le maolú, rud a chiallaíonn go bhfuil feidhm ag na rialacha ginearálta maidir le hathbhreithniú breithiúnach maidir leis an agóid sin. I ndáil leis sin, míníonn an chúirt a rinne an tarchur, de bhun Ordú 84, riail 21 de RnU, nach mór iarratas ar chead chun iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh laistigh de thrí mhí ón dáta a tháinig forais an iarratais chun cinn den chéad uair nó, ar iarraidh bhreise ó na hiarratasóirí, ón dáta a bhfuil nó ar cheart go mbeadh iarratasóir ar an eolas faoin gcinneadh atá faoi chonspóid.

23. Ar an tríú dul síos, tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire freisin, a mhéid, faoi dhlí na hÉireann, gur cinneadh substainteach ar leithligh é cinneadh maolaithe faoi Airteagal 16(1) den Treoir maidir le Gnáthóga, agus nach cuid é de shraith cinntí eatramhacha as a n-eascraíonn cead cinntitheach do thionscadal, nach mór agóid a dhéanamh ina aghaidh go haonarach laistigh den tréimhse theorann reachtúil a leagtar síos le hOrdú 84, riail 21 de RnU, agus ní tar éis cinneadh críochnaitheach a ghlacadh maidir le hiarratas ar chead pleanála. Dar leis an gcúirt a rinne an tarchur, tá na teorainneacha ama sin measartha intuartha.

24. Ar an gceathrú dul síos, sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur, sa chás sna príomhimeachtaí, nár chuir na hiarratasóirí i gcoinne an chinnidh maidir le cead pleanála ar bhonn na lochtanna sa chinneadh maolaithe. Sin é an fáth, dar leis an gcúirt sin, gur diúltaíodh don agóid in aghaidh an chinnidh maidir le cead pleanála cé go bhfuil an agóid in aghaidh an chinnidh maidir le maolú fós gan réiteach.

25. Ar an gcúigiú dul síos, cuireann an chúirt a rinne an tarchur in iúl nár chuir an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí i gcoinne bhailíocht an chinnidh maolaithe laistigh de thrí mhí ón uair a tháinig siad chun bheith ar an eolas faoi nó ar cheart dóibh teacht ar an eolas faoi, eadhon an dáta a rinne Drumakilla iarratas ar chead pleanála. Dá bhrí sin, measann an chúirt sin go bhfuil an agóid sin as am agus nach mór í a dhíbhe. Tá fonn ar an gcúirt a rinne an tarchur a mheas nach bhfuil aon riail de dhlí an Aontais ann a mbeadh toradh contrártha ag teastáil ina leith. Mar sin féin, ós rud é nach bhfuil an seasamh sin go hiomlán in amhras, mheas an chúirt a rinne an tarchur gurbh iomchuí an tsaincheist a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais.

26. Sna himthosca sin, chinn an Ard-Chúirt (Éire) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'(1) An bhfuil sé d'éifeacht ag Airteagal 11 de Threoir 2011/92 arna léamh i bhfianaise an phrionsabail maidir le rochtain leathan ar cheartas faoi Airteagal 9(2) de Choinbhinsiún Aarhus, i gcás nach féidir tionscadal de réir bhrí Airteagal 1(2)(a) de Threoir 2011/92 is ábhar d'iarratas ar thoiliú forbartha (an "príomhthoiliú") a chur i gcrích gan cead eile a bheith faighte ag an bhforbróir ar dtús ("an toiliú tánaisteach"), agus i gcás ina gcoinníonn an t-údarás atá inniúil ar an bpríomhthoiliú a dheonú le haghaidh tionscadal den sórt sin an

cumas measúnú níos déine a dhéanamh ar thionchar comhshaoil an tionscadail ná mar a rinneadh sa toiliú tánaisteach, go gcaithfear leis an toiliú tánaisteach sin (má dheonaítear é roimh an bpríomhthoiliú) mar chuid den nós imeachta um thoiliú don fhorbairt chun críoch seachas i ndáil le raon feidhme na n-ábhar a bheidh le breithniú nó le measúnú faoi Threoir 2011/92, go ginearálta nó i gcás inar cinneadh arna ghlacadh faoi Airteagal 16(1) de Threoir 92/43 é an toiliú tánaisteach agus lena n-údaraítear d'fhorbróir maolú ó na bearta cosanta speiceas is infheidhme chun an tionscadal a chur i gcrích?

(2) Más freagra dearfach a thugtar ar an gcéad cheist, an bhfuil sé d'éifeacht ag Airteagal 11 de Threoir 2011/92 arna léamh i bhfianaise an phrionsabail maidir le rochtain leathan ar cheartas faoi Airteagal 9(2) de Choinbhinsiún Aarhus nach mór rialacha náisiúnta baile maidir leis an dáta a dtosóidh an t-am chun agóid a dhéanamh i gcoinne bailíocht cinnidh arna ghlacadh faoi Airteagal 16(1) de Threoir 92/431 (an "toiliú tánaisteach") a léiriú ionas nach féidir an tréimhse sin a thosú roimh an dáta a nglacfar an toiliú forbartha lena mbaineann (an "toiliú príomha"), go ginearálta nó i gcás: (i) go raibh an tionscadal faoi réir an scrúdaithe de réir an cháis a bheartaítear le hAirteagal 4(2)(a) de Threoir 2011/92, agus/nó (ii) go ndearnadh an cinneadh faoi Airteagal 4(5) chun críocha an phríomhthoilithe tar éis an toiliú tánaisteach a bheith deonaithe agus go comhuaineach leis an gcinneadh maidir leis an bpríomhthoiliú, agus/nó (iii) nach bhfuil aon fhoras sna himeachtaí lena ndéantar agóid i gcoinne bhailíocht an toilithe thánaistigh trí thagairt a dhéanamh do neamhbhailíocht dhearbhaithe an toilithe thánaistigh, agus/nó (iv) nach gcuireann an t-iarratasóir iarratas isteach ar shíneadh ama chun agóid a dhéanamh in aghaidh an toilithe thánaistigh, ar iarratas é a éilítear leis an dlí náisiúnta ar agóid dhéanach in éagmais aon dlí de chuid an Aontais Eorpaigh ina choinne sin?

(3) Más freagra dearfach a thugtar ar an gcéad cheist agus más freagra diúltach a thugtar ar an dara ceist i gcoitinne, an bhfuil sé d'éifeacht ag Treoir 2011/92, arna léamh i bhfianaise Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha agus/nó i bhfianaise an phrionsabail maidir le rochtain leathan ar cheartas a leagtar síos in Airteagal 9(2) de Choinbhinsiún Aarhus, nach mór teorainn ama dá bhforáiltear le dlí náisiúnta Ballstáit chun imeachtaí a thabhairt ag féachaint le ceart a dhearbhú faoin Treoir sin a bheith intuartha go réasúnta, ach nach gá dó a bheith sonraithe go sainráite i reachtaíocht de bhun Airteagal 11(2) de Threoir 2011/92 agus/nó i bhfaisnéis phraiticiúil a chuirtear ar fáil don phobal maidir le rochtain ar nósanna imeachta athbhreithnithe riaracháin agus bhreithiúnaigh de bhun Airteagal 11(5) de Threoir 2011/92 agus/nó arna gcinneadh go cinntitheach críochnaitheach le [cásdlí] náisiúnta, ionas nach mbeidh aon tionchar ar fhreagra an dara ceist ag foráil a dhéantar i ndlí náisiúnta Ballstáit maidir le teorainn ama de chineál ginearálta intuartha a bhfuil feidhm aici maidir le caingne dlí phoiblí i gcoitinne lena n-áirítear imeachtaí a thionscnamh mar agóid i gcoinne cinneadh arna ghlacadh faoi Airteagal 16(1) de Threoir 92/43 agus lena n-údaraítear d'fhorbróir maolú a dhéanamh ar na bearta cosanta speiceas is infheidhme chun an tionscadal a chur i gcrích, cé go bhfuil sé sin intuigthe seachas sainráite sa dlí náisiúnta lena mbaineann?

(4) Más freagra dearfach a thugtar ar an gcéad cheist agus má tá an freagra ar an dara ceist dearfach nó má tá freagra diúltach ar an tríú ceist, an bhfuil sé d'éifeacht ag Airteagal 16(1) de Threoir 92/43 nach féidir le húdarás inniúil teacht ar an gconclúid nach bhfuil aon "réiteach malartach sásúil" ann seachas cinneadh lena n-údaraítear d'fhorbróir maolú ó na bearta cosanta speiceas is infheidhme chun tionscadal a chur i gcrích de réir bhrí Airteagal 1(2)(a) de Threoir [MTT], mura ndéanann an t-údarás sin scrúdú iarbhír ar réitigh mhalartacha amhail suíomh malartach nó dearadh malartach nó diúltú don mhaolú?

(5) Más freagra dearfach a thugtar ar an gcéad cheist agus má tá freagra dearfach ar an dara ceist nó má tá freagra diúltach ar an tríú ceist, an bhfuil sé d'éifeacht ag Airteagal 16(1) [den Treoir maidir le Gnáthóga] nach féidir le húdarás inniúil teacht ar an gconclúid gur "ar mhaithe le fauna agus flora fiáine a chosaint agus gnáthóga nádúrtha a chaomhnú" atá sé cinneadh a dheonú lena n-údaraítear d'fhorbróir maolú ar na bearta cosanta speiceas is infheidhme d'fhonn tionscadal a chur i gcrích de réir bhrí Airteagal 1(2)(a) de Threoir 2011/92, mura rud é go gcruthaítear cosaint áirithe sainaitheanta leis an maolú féin seachas le bearta maolaithe arna nglacadh chun an dochar a eascraíonn as na céimeanna arna n-údarú leis an maolú a laghdú nó a chúiteamh?'

27. Taisceadh an iarraidh ar réamhrialú i gClárlann na Cúirte Breithiúnais an 26 Eanáir 2024. Chuir na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí, an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (Éire), Éire agus an Coimisiún Eorpach barúlacha i scríbhinn isteach. Níor tionóladh aon éisteacht sa chás seo. Mar sin féin, thug na páirtithe freagra i scríbhinn ar na ceisteanna a chuir an Chúirt an 3 Márta 2025.

IV. Anailís

28. Lena ceisteanna, iarrann an chúirt a rinne an tarchur soiléiriú ar an léirmhíniú ar Airteagal 11 de Threoir MTT agus ar Airteagal 16(1) den Treoir maidir le Gnáthóga, go háirithe i bhfianaise phrionsabal na rochtana leithne ar cheartas a leagtar síos in Airteagal 9(2) de Choinbhinsiún Aarhus.

29. Fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, lena chéad trí cheist, go sonrach, an gá Treoir MTT, eadhon Airteagal 11(2) di, a léirmhíniú sa chaoi, i gcás nach féidir tionscadal forbartha a údarú gan cinneadh maolaithe a bheith faighte ag an bhforbróir ar dtús faoi Airteagal 16(1) den Treoir maidir le Gnáthóga, nach mór an cinneadh sin a mheas mar chuid de nós imeachta an toilithe forbartha, go háirithe chun críoch eile seachas na críocha sin a bhaineann le raon feidhme na n-ábhar atá le measúnú faoi Threoir MTT (*an chéad cheist*). Cuireann an chúirt a rinne an tarchur an cheist sin chun a fháil amach an féidir an tréimhse chun agóid a dhéanamh i gcoinne dhlíthiúlacht cinnidh maidir le maolú a thabhairt i gcrích roimh dháta cinnidh maidir le toiliú forbartha, go sonrach i gcás nach ndéanann an t-iarratasóir agóid i gcoinne bhailíocht an chinnidh maidir le toiliú forbartha ar fhorais lochtanna sa chinneadh maidir le maolú (*an dara ceist*). Os a choinne sin, ag glacadh leis gur an tréimhse chun agóid a dhéanamh i gcoinne dhlíthiúlacht cinnidh maidir le maolú a thabhairt i gcrích roimh dháta an chinnidh maidir le toiliú forbartha, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an gá an tréimhse sin a shonrú sa reachtaíocht a glacadh nó san fhaisnéis phraiticiúil dá dtagraítear in Airteagal 11(5) de Threoir MTT, nó, go simplí, an féidir í a thuar go réasúnta (*an tríú ceist*).

30. Ina dhiaidh sin, leis an dá cheist dheireanacha, féachann an chúirt a rinne an tarchur lena shoiléiriú, go bunúsach, (i) an gceanglaítear le hAirteagal 16(1) den Treoir maidir le Gnáthóga scrúdú éifeachtach a dhéanamh ar réitigh mhalartacha sula nglacfar cinneadh maidir le maolú (*an ceathrú ceist*), agus (ii) an gcuirtear cosc leis an bhforáil sin ar údarás inniúil a chinneadh go bhfuil sé ar mhaithe le fauna agus flora fiáine a chosaint agus gnáthóga nádúrtha a chaomhnú cinneadh a ghlacadh lena n-údaraítear do fhorbróir maolú ar fhorálacha Airteagal 12 den Treoir sin chun tionscadal forbartha a chur i gcrích (*an cúigiú ceist*).

31. A mhéid a bhaineann an chéad cheist, an dara ceist agus an tríú ceist leis an tsaincheist nós imeachta chéanna, maidir leis na coinníollacha le haghaidh teorainneacha ama a bhfuil feidhm acu faoin dlí náisiúnta chun agóid a dhéanamh i gcoinne bailíocht cinnidh maidir le maolú arna dheonú faoi Airteagal 16(1) den Treoir maidir le Gnáthóga chun tionscadal a thagann faoi Threoir MTT a chur i gcrích, scrúdóidh mé le chéile iad. Ina dhiaidh sin, scrúdóidh mé an ceathrú agus an cúigiú ceist, a bhaineann leis na coinníollacha substainteacha nach mór d'údarás inniúil a chomhlíonadh agus cinneadh á dhéanamh an ndeonófar maolú ar na bearta cosanta speiceas chun tionscadal forbartha a éascú.

A. An chéad cheist, an dara ceist agus an tríú ceist

32. Leis an gcéad dá cheist, féachann an chúirt a rinne an tarchur lena fháil amach, go bunúsach, an gá Airteagal 11(2) de Threoir MTT a léirmhíniú sa chaoi gur féidir an tréimhse theorann chun agóid a dhéanamh i gcoinne bhailíocht cinnidh mhaolaithe arna ghlacadh faoi Airteagal 16(1) den Treoir maidir le Gnáthóga, chun críocha tionscadail forbartha a thagann faoi Threoir MTT, a thabhairt i gcrích roimh an dáta a dheonaítear an toiliú forbartha. Más amhlaidh an cás, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur freisin, trína tríú ceist, an gá Airteagal 11(5) de Threoir MTT a léirmhíniú sa chaoi nach mór na tréimhsí teorann is infheidhme maidir le cinntí maolaithe a leagan síos go sainráite sa reachtaíocht náisiúnta nó san fhaisnéis phraiticiúil dá dtagraítear san fhoráil sin den Treoir sin.

33. Mar réamhbharúil, meabhraím, de réir Airteagail 2 agus 6 de Threoir MTT, go n-éilítear le tionscadail áirithe arb é atá iontu oibreacha foirgníochta a dhéanamh,[12] sula ndeonóidh na húdaráis inniúla toiliú forbartha, (i) measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol agus (ii) rannpháirtíocht an phobail.

34. Maidir leis an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol, is éard atá ann go bunúsach tuarascáil ina gcumhdaítear na héifeachtaí suntasacha uile a d'fhéadfadh a bheith ag an tionscadal ar an gcomhshaol.[13] Tá an measúnú sin córasach[14] i gcás na gcineálacha tionscadal a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir MTT,[15] ach, i gcás na dtionscadal a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann léi, lena n-áirítear tionscadail forbartha uirbí, mar is amhlaidh sna príomhimeachtaí, fágann an Treoir sin faoi na Ballstáit an cinneadh a dhéanamh an gá tionscadal a bheith faoina réir.[16] Maidir leis an gcineál sin tionscadail, ní mór don fhorbróir, mar sin féin, faisnéis a sholáthar ina dtugtar tuairisc ar shaintréithe an tionscadail agus ar na héifeachtaí suntasacha is dócha a bheidh aige ar an gcomhshaol.[17] Thairis sin, i gcás inar dócha go ndéanfaí difear leis an tionscadal do speicis atá faoi dhianchosaint faoin Treoir maidir le Gnáthóga, suíodh le cásdlí na Cúirte nach mór aghaidh a thabhairt ar an tionchar sin le linn mheasúnú comhshaoil an tionscadail.[18]

12 Féach Airteagal 1(2)(a) de Threoir MTT.

13 Féach Airteagal 1(2)(g) agus Airteagal 3(1) de Threoir MTT.

14 Féach aithris 8 de Threoir MTT.

15 Féach Airteagal 4(1) de Threoir MTT. Tá gá le measúnú córasach tionchair timpeallachta le haghaidh tionscadail amhail stáisiúin chumhachta núicléacha, iarnróid fadraoin, mótarbhealaí, mearbhóithre, suiteálacha diúscartha dramhaíola le haghaidh dramhaíl ghuaiseach agus dambaí a bhfuil toilleadh áirithe acu. Mar shampla, bhí an fhoráil sin infheidme maidir leis an tionscadal lena mbaineann an breithiúnas in *Namur-Est Environnement*.

16 Féach Airteagal 4(2) de Threoir MTT, lena bhforáiltear gur féidir an cinneadh sin a dhéanamh trí anailís cás ar chás nó trí thairseacha nó critéir.

17 Féach Airteagal 4(3) de Threoir MTT agus Iarscríbhinní II agus II.A a ghabhann léi.

18 An breithiúnas in *Namur-Est Environnement*, mír 52.

35. Ina dhiaidh sin, maidir le rannpháirtíocht phoiblí, tagraíonn an rannpháirtíocht sin don phróiseas trína bhfuil deis ag an bpobal lena mbaineann, mar a shainmhínítear in Airteagal 1(2)(e) de Threoir MTT, a thuairimí chur in iúl ionas gur féidir iad a chur san áireamh sa chinneadh deiridh (toiliú forbartha). Is é príomhaidhm na rannpháirtíochta poiblí a áirithiú go bhfuil an pobal lena mbaineann rannpháirteach go héifeachtach ag céim luath sna nósanna imeachta cinnteoireachta a mbíonn tionchar acu ar an gcomhshaol, rud a chuireann le feasacht an phobail ar shaincheisteanna comhshaoil agus le tacaíocht an phobail a neartú do na cinntí atá le déanamh. [19] Cuirtear leis an aidhm sin a thuilleadh leis an dearbhú nach mór rochtain a bheith ag an bpobal lena mbaineann ar nósanna imeachta athbhreithnithe chun agóid a dhéanamh i gcoinne dhlíthiúlacht cinntí, gníomhartha nó neamhghníomhartha atá faoi réir fhorálacha rannpháirtíochta poiblí Threoir MTT. [20] Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach mór maoluithe ar rialacha dhlí an Aontais maidir le cosaint speiceas a chur ar fáil don phobal lena mbaineann. [21]

36. Thairis sin, bhí an deis ag an gCúirt cheana féin aghaidh a thabhairt ar an gcaidreamh atá ann idir, ar thaobh amháin, cinneadh maolaithe arna ghlacadh faoi Airteagal 16(1) den Treoir maidir le Gnáthóga agus, ar an taobh eile, nós imeachta an toilithe forbartha a leagtar síos le Treoir MTT. Ba é sin an cheist lárnach a freagraíodh leis an mbreithiúnas in *Namur-Est Environnement*, inar scrúdaigh an Chúirt, ar an gcéad dul síos, an gá cinneadh maolaithe a mheas mar chuid de nós imeachta an toilithe forbartha nuair a ghlactar an cinneadh sin chun tionscadal a thagann faoi Airteagal 1(2)(a) de Threoir MTT a chur i gcrích. I ndáil leis an gceist sin, rinne an Chúirt scrúdú breise, ar an dara dul síos, an gá an rannpháirtíocht phoiblí is gá le haghaidh tionscadail a thagann faoi raon feidhme na Treorach maidir le Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol a áirithiú cheana féin sula nglacfar cinneadh maidir le maolú.

37. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, sa bhreithiúnas in *Namur-Est Environnement*, gur mheas an Chúirt gur réamhchinneadh [22] é maolú a deonaíodh faoi Airteagal 16(1) den Treoir maidir le Gnáthóga nach bhfuil ach measúnú páirteach ann ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag tionscadal ar speicis atá faoi dhianchosaint. [23] Ar an gcúis sin, mheas an Chúirt nach mór cinneadh maolaithe a ghlacadh sula dtabharfar toiliú don fhorbairt. [24] Thairis sin, chinn an Chúirt, i gcás ina dtugann Ballstát an chumhacht d'údarás seachas an t-údarás a eisíonn toiliú forbartha measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadail faoin Treoir maidir le Gnáthóga, nár cheart don mheasúnú páirteach sin réamhbhreith a dhéanamh ar an measúnú foriomlán nach mór don údarás deireanach sin a dhéanamh in aon chás. [25] Ar an mbonn sin, tháinig an Chúirt ar an gconclúid go bhfuil cinneadh maolaithe mar chuid den nós imeachta maidir le toiliú forbartha, i gcás, ar an gcéad dul síos, nach féidir an tionscadal a chur i gcrích gan an cinneadh maidir le maolú a bheith faighte ar dtús ag an bhforbróir agus, ar an dara dul síos, go gcoinníonn an t-údarás atá inniúil ar thoiliú forbartha a dheonú an cumas measúnú a dhéanamh ar thionchar comhshaoil an tionscadail ar bhealach níos déine ná mar a rinneadh sa chinneadh sin. [26]

[19] Féach aithrisí 16 agus 17 agus Airteagal 9(1)(b) de Threoir MTT.

[20] Féach Airteagal 11(1) agus (3) de Threoir MTT.

[21] Féach Airteagal 6(3)(a) den Treoir MTT arna léamh i gcomhar le hAirteagal 5(1)(b) de. Féach freisin, ina leith sin, Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Kokott in *Namur-Est Environnement* (C-463/20, EU:C:2021:868, míreanna 48 agus 49).

[22] An breithiúnas in *Namur-Est Environnement*, míreanna 62 agus 65.

[23] Ibid, mír 59.

[24] Ibid, mír 59.

[25] Ibid, mír 62.

[26] Ibid, mír 1 den chuid oibríochtúil.

38. Cé gur bhain an breithiúnas in *Namur-Est Environnement* le tionscadal atá faoi réir an cheanglais maidir le measúnú iomlán ar an tionchar ar an gcomhshaol de bhun Airteagal 4(1) de Threoir MTT,[27] ní mór feidhm a bheith ag cinntí na Cúirte sa bhreithiúnas sin i gcás ina bhfuil sé faoin mBallstát le cinneadh, de bhun Airteagal 4(2), an gá an measúnú (scagadh) sin a dhéanamh ar thionscadal, mar is amhlaidh sna príomhimeachtaí.

39. I ndáil leis sin, meabhraím, ar an gcéad dul síos, gurb é is aidhm don mheasúnú tionchair iomlán agus don mheasúnú scagtha araon a áirithiú go ndéanfar breithnithe comhshaoil a chomhtháthú sa phróiseas cinnteoireachta a bunaíodh le Treoir MTT le haghaidh tionscadail forbartha,[28] lena n-áirítear iad siúd a dhéantar ar bhonn na faisnéise a bhfuil an pobal, ar dócha go mbeidh baint aige leis an tionscadal atá i gceist, i dteideal a sholáthar de bhun na Treorach sin.[29]

40. Thairis sin, mar a chinn an Chúirt sa bhreithiúnas in *Namur-Est Environnement*, is réamhchinneadh é an cinneadh maolaithe chun críocha an chinnidh atá le déanamh i gcomhréir le hAirteagal 4(2) de Threoir MTT. Ní fhágann Airteagal 4(5) de Threoir MTT aon amhras ina leith sin, ós rud é go ndearbhaíonn sé go sainráite, sna cásanna sin, nach mór an cinneadh ón údarás inniúil a dhéanamh ar bhonn thorthaí na réamhfhíoruithe nó na measúnuithe ar na héifeachtaí ar an gcomhshaol a dhéantar de bhun reachtaíocht an Aontais seachas Treoir MTT, lena n-áirítear, dá bhrí sin, an Treoir maidir le Gnáthóga.

41. Ar deireadh, chun críche a chinneadh, faoi Airteagal 4(2) de Threoir MTT, an gcaithfear measúnú iomlán tionchair timpeallachta a dhéanamh ar thionscadal, ceanglaítear le hAirteagal 4(3) den Treoir sin go gcuirfear na critéir roghnúcháin ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn III san áireamh.[30] Ciallaíonn sé sin, i gcás nach bhfuil an measúnú a rinneadh i gcomhthéacs an nós imeachta maolaithe faoi Airteagal 16 den Treoir maidir le Gnáthóga ailínithe leis na critéir sin, go gcoinníonn an t-údarás inniúil an chumhacht chun tionchar an tionscadail a mheasúnú níos déine a mhéid a bhaineann leis na héifeachtaí ar speicis atá faoi dhianchosaint, ar bhealach cosúil leis an mbealach dá dtagraítear ag an gCúirt sa bhreithiúnas in *Namur-Est Environnement*.

42. Dá bhrí sin, i gcás amhail an cás a thuairiscítear san ordú tarchuir, ní mór an cinneadh maidir le maolú atá faoi chonspóid a mheas mar chuid de nós imeachta an toilithe forbartha sna téarmaí a leagtar amach sa bhreithiúnas in *Namur-Est Environnement*.[31]

43. Is í an cheist atá fós ann, i gcás nach mór cinneadh maolaithe a mheas mar chuid de nós imeachta an toilithe forbartha, de bhun na gcoinníollacha a leag an Chúirt síos sa bhreithiúnas in *Namur-Est Environnement*, an féidir leis an dlí náisiúnta a cheangal go ndéanfaí agóid i gcoinne an chinnidh sin sula dtabharfaí an tréimhse theorann a leagtar síos i leith agóid an chinnidh maidir le toiliú forbartha i gcrích.

44. I ndáil leis sin, leanann sé ó chásdlí socair na Cúirte, de réir Threoir MTT, go bhfuil lánrogha ag na Ballstáit maidir le cinneadh na rialacha nós imeachta faoinar féidir cinneadh críochnaitheach maidir le toiliú forbartha a dheonú.[32] Ciallaíonn sé sin nach gá dóibh foráil a

[27] Féach an breithiúnas in *Namur-Est Environnement*, mír 48.

[28] Féach Airteagal 8a(1)(b) de Threoir MTT. Féach freisin, mar ghné léirmhínithe ina leith sin, Airteagal 11 CFAE, ina bhforáiltear nach mór ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil a chomhtháthú, *inter alia*, i gcur chun feidhme ghníomhaíochtaí an Aontais..

[29] Féach, i ndáil leis sin, aithris 7 de Threoir MTT.

[30] Féach, go háirithe, mír 3 den Iarscríbhinn sin, faoin gceannteideal 'Cineál agus tréithe an tionchair fhéideartha'.

[31] Féach mír 35 den Tuairim seo.

[32] Féach breithiúnas an 3 Márta 2011, *an Coimisiún* v *Éire* (C-50/09, EU:C:2011:109, míreanna 72 go 74).

dhéanamh maidir le nós imeachta aonair ina ndéantar cinneadh maidir le héifeachtaí uile tionscadail ar an gcomhshaol trí bhíthin údarú aonair. Os a choinne sin, tá sé ráite ag an gCúirt go bhfuil na Ballstáit i dteideal na hinniúlachtaí éagsúla a bhaineann leis an measúnú ar an tionchar comhshaoil ar thionscadal a chionroinnt i measc roinnt údarás éagsúil trí chumhachtaí cinnteoireachta a thabhairt do gach ceann acu ar an ábhar.[33] Dá bhrí sin, i gcomhthéacs measúnú a dhéanamh ar thionchar comhshaoil tionscadail a thagann faoi Threoir MTT, lena n-áirítear laistigh den nós imeachta um scagadh, is féidir cinntí ar leithligh a ghlacadh, rud a chiallaíonn gur féidir leo a bheith faoi réir agóide ag céimeanna éagsúla faoin dlí náisiúnta i gcomhréir leis na rialacha nós imeachta a leagtar síos maidir le gach ceann de na dúshláin sin.

45. Tá sé ráite ag an gCúirt freisin nach mór do na Ballstáit a lánrogha a fheidhmiú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos le Treoir MTT agus i gcomhréir iomlán le haidhmeanna na Treorach áfach.[34] A mhéid a rinne an Chúirt Airteagal 16 den Treoir maidir le Gnáthóga a léirmhíniú go sainráite sa chaoi gur réamhchinneadh é maolú arna dheonú faoin bhforáil sin chun críocha na nósanna imeachta a leagtar síos i dTreoir MTT, nach féidir réamhbhreith a dhéanamh ar an gcinneadh ina dhiaidh sin maidir le toiliú forbartha ón údarás inniúil, ní féidir leis an léiriú sin leanúint de bheith teoranta, i mo thuairimse, do bhreithnithe de chineál substainteach go háirithe, mar a cheistíonn an chúirt a rinne an tarchur go bunúsach. Mar a mhíním thíos, ní mór iarmhairtí ar leibhéal nós imeachta a bheith i gceist le rialú na Cúirte in *Namur-Est Environnement*, lena n-áirítear na rialacha lena mbaineann na tréimhsí teorann is infheidhme maidir le hagóidí a thugtar i gcoinne cinneadh maolaithe, go háirithe don phobal lena mbaineann.

46. Ón tús, tugaim faoi deara go dtugann an tAbhcóide Ginearálta Kokott cuntas gairid ar na hiarmhairtí sin ina Tuairim in *Namur-Est Environnement*, a bhfuilim sásta leis freisin.[35] Dar léi, tugann an imthoisc gur cinneadh sealadach é cinneadh maolaithe le tuiscint go gcaithfí aon agóid ar leithligh i gcoinne an chinnidh sin a thabhairt gan torthaí an mheasúnaithe ar an tionchar ar an gcomhshaol a rinneadh chun críocha toiliú forbartha a dheonú a chur san áireamh.[36] Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith indéanta agóid iomlán a dhéanamh i gcoinne an chinnidh maidir le maolú agus i gcoinne an i gcoinne an mheasúnaithe comhshaoil, i gcomhréir le hAirteagal 11 de Threoir MTT, a luaithe a bheidh a chinneadh críochnaitheach glactha ag an údarás inniúil maidir leis an measúnú tionchair ar an gcomhshaol ar an tionscadal lena mbaineann.[37]

47. Mar a luadh cheana i mír 36 den Tuairim seo, baineann an tuairim a leagtar amach thuas le cás inar faoin mBallstát, de réir Airteagal 4(2) de Threoir MTT, atá sé a chinneadh cé acu is gá nó nach gá tionscadal forbartha a chur faoi réir measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol, ós rud é gur gá an cinneadh sin a mheas mar chuid den nós imeachta um thoiliú forbartha. Thairis sin, i mo thuairimse, bheadh cur chuige difriúil leis an gcur chuige a leag an tAbhcóide Ginearálta Kokott amach ina Tuairim in ann prionsabal na héifeachtachta a shárú a bhfuil feidhm aige maidir le neamhspleáchas nós imeachta na mBallstát, mar a aithnítear faoi dhlí an Aontais. Mar a leanann sé ó chásdlí socair na Cúirte, ceanglaítear leis an bprionsabal sin nach mbunóidh na Ballstáit srianta nós imeachta a fhágann go bhfuil sé dodhéanta nó ródheacair na cearta a thugtar le dlíchóras an Aontais a fheidhmiú.[38]

[33] An breithiúnas in *Namur-Est Environnement*, mír 56.

[34] An breithiúnas in *Namur-Est Environnement*, mír 57 agus an cásdlí dá dtagraítear.

[35] Tuairim ón Abhcóide Ginearálta Kokott in *Namur-Est Environnement* (C-463/20, EU:C:2021:868).

[36] Ibid., mír 73.

[37] Ibid., mír 74.

[38] Féach, *inter alia*, breithiúnas an 8 Bealtaine 2025, M.K. (C-324/23, EU:C:2025:324, mír 51).

48. I ndáil leis sin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, cé nach bhfuil aon cheanglas dlíthiúil ann, faoi Airteagal 16(1) den Treoir maidir le Gnáthóga, ról a thabhairt don phobal lena mbaineann i nglacadh cinnidh maidir le maolú, gur luaigh an Chúirt go sainráite, maidir le tionscadail a thagann faoi raon feidhme Threoir MTT, nach mór rannpháirtíocht an phobail i leith na maoluithe sin a áirithiú go héifeachtach sula nglacfar an cinneadh maidir le toiliú forbartha.[39] Baineann sin le cinneadh atá le glacadh de bhun Airteagal 4(2) de Threoir MTT, áit a gcaithfear an pobal lena mbaineann a bheith páirteach chun a chinntiú, mar atá i gcás measúnaithe tionchair iomláin, go gcuirtear tuairimí an phobail maidir le héifeachtaí an chomhshaoil san áireamh.[40]

49. Dá bhrí sin, mura bhféadfaí agóid a dhéanamh i gcoinne cinneadh maolaithe théis baint a bheith ag an bpobal lena mbaineann leis an nós imeachta cinnteoireachta as a dtagann toiliú forbartha, bhainfí den phobal sin a chearta rannpháirtíochta, mar a aithnítear i gcásdlí na Cúirte i ndáil le Treoir MTT, agus a cheart chun rochtain a fháil ar athbhreithniú breithiúnach. Chiallódh sé sin, go bunúsach, nach mbainfí amach an cuspóir maidir le rochtain leathan ar cheartas a áirithiú, mar a leagtar amach in Airteagal 11 de Threoir MTT agus in Airteagal 9(2) de Choinbhinsiún Aarhus.[41]

50. Thairis sin, a mhéid is gur réamhchinneadh é maolú arna ghlacadh faoi Airteagal 16 den Treoir maidir le Gnáthóga faoi réir measúnú ina dhiaidh sin ag an údarás inniúil a dheonaíonn toiliú forbartha, ní féidir leis an maolú sin a mhéid iomlán a bhaint amach, ó thaobh an phobail lena mbaineann de, go dtí go nglacfaidh an t-údarás sin a chinneadh críochnaitheach. Go deimhin, is ag an bpointe sin amháin atá éifeacht phraiticiúil ag an gceadúnas maolaithe, mar is cosúil go n-aithníonn Éire ina breithnuithe, ós rud é nach féidir aon ghníomhaíocht forbartha a dhéanamh go dtí sin.

51. Dá réir sin, ceanglas a fhorchuirtear ar an bpobal lena mbaineann agóid a dhéanamh i gcoinne cinneadh maolaithe atá mar chuid den nós imeachta maidir le toiliú forbartha sula ndéanfaidh an t-údarás inniúil a chinneadh maidir leis an ngá atá le measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol de bhun Airteagal 4(2) de Threoir MTT, tá an baol ann go sárófaí prionsabal na héifeachtachta. Tar éis an tsaoil, i gcás den sórt sin, bheadh ar an bpobal lena mbaineann idirghabháil a dhéanamh roimh am os comhair cúirte náisiúnta gan bheith in ann cur i láthair cuimsitheach a dhéanamh ar an gcás. Ag an am céanna, tá an baol ann freisin go bhféadfaidh an chúirt sin measúnú breithiúnach neamhiomlán a dhéanamh. I dteannta a chéile, dhéanfaidís difear don aidhm fhoriomlán athbhreithniú éifeachtach a áirithiú ar na gnéithe ábhartha uile a bhfuil tionchar acu ar chosaint speiceas atá faoi dhianchosaint agus, dá bhrí sin, ar cheann de phríomhchuspóirí Threoir MTT..

52. Dá bhrí sin, i gcás ina bhfuil cinneadh maolaithe faoi Airteagal 16(1) den Treoir maidir le Gnáthóga mar chuid den nós imeachta maidir le toiliú forbartha a leagtar síos i dTreoir MTT, mar is amhlaidh sna príomhimeachtaí, ní féidir an tréimhse chun agóid a dhéanamh i gcoinne dhlíthiúlacht an mhaolaithe sin don phobal lena mbaineann a thabhairt i gcrích sula nglacfar

[39] An breithiúnas in *Namur-Est Environnement*, mír 79 agus pointe 2 den chuid oibríochtúil. Mheas an Chúirt go raibh rannpháirtíocht phoiblí éifeachtach i ndáil leis sin go háirithe nuair a tharlaíonn sé, ar an gcéad dul síos, sula nglacfaidh an t-údarás inniúil an cinneadh maidir le toiliú forbartha don tionscadal sin; ar an dara dul síos, go gcuireann sé ar chumas an phobail a thuairimí a chur in iúl ar bhealach úsáideach agus cuimsitheach maidir le héifeachtaí uile an tionscadail sin ar an gcomhshaol; agus, ar an tríú dul síos, go bhféadfaidh an t-údarás atá inniúil ar thoiliú a dheonú don tionscadal an rannpháirtíocht sin a chur san áireamh go hiomlán.

[40] Féach, chuige sin agus de réir analaí, breithiúnas an 8 Samhain 2016, *Lesoochranárske zoskupenie VLK* (C-243/15, EU:C:2016:838, míreanna 46 go 49), ar mheas an Chúirt gur gá rannpháirtíocht an phobail a áirithiú mar chuid den nós imeachta chun cinneadh a dhéanamh maidir le héifeachtaí comhshaoil.

[41] Féach, de réir analaí, breithiúnas an 7 Samhain 2013, *Gemeinde Altrip agus páirtithe eile* (C-72/12, EU:C:2013:712, mír 37).

cinneadh críochnaitheach maidir le toiliú don fhorbairt. Murach sin, ní hamháin go mbainfí an bonn de chearta rannpháirtíochta an phobail lena mbaineann, ach dhéanfaí difear freisin d'éifeachtacht an athbhreithnithe bhreithiúnaigh ar an gcinneadh maidir le maolú.

53. Tá an tuairim a leagtar amach thuas gan dochar, ar an gcéad dul síos, don cheanglas go ndéanfadh seolaí an chinnidh maolaithe, amhail forbróir, agóid i gcoinne bhailíocht an chinnidh sin ag céim níos luaithe. Mar shampla, tugaim faoi deara gur bhain breithiúnas an 6 Iúil 2023, *Hellfire Massy Residents Association* (C-166/22, EU:C:2023:545) le reachtaíocht náisiúnta lena ndéantar, go bunúsach, na gníomhaíochtaí céanna a choiriúlú agus a liostaítear in Airteagal 12 den Treoir maidir le Gnáthóga ach amháin i gcás ina ndeonaítear cinneadh maolaithe. I gcás den sórt sin, níor cheart amhras a chaitheamh ar riail nós imeachta amhail an riail atá i gceist sna príomhimeachtaí, lena ríomhtar an teorainn ama chun agóid a dhéanamh i gcoinne bhailíocht an chinnidh sin ón dáta ar glacadh é nó ina bhféadfaí é a bheith ar an eolas faoi, de réir phrionsabal na héifeachtachta. Mar sin féin, ar na cúiseanna a míníodh cheana i míreanna 46 go 50 thuas, ina dtagraítear do chearta rannpháirtíochta poiblí agus do cheart rochtana ar cheartas an phobail lena mbaineann, ní mór do rialacha náisiúnta maidir le ríomh na dteorainneacha ama a chinntiú go bhfuil an deis ag an bpobal gníomhú os comhair cúirte tar éis glacadh le toiliú forbartha.

54. Sa dara háit, dar liom, ní féidir amhras a chaitheamh ar an gconclúid ar thángthas uirthi laistigh den anailís seo trí thagairt a dhéanamh do phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla. Tar éis an tsaoil, trína áirithiú nach féidir na dúshláin a thugann an pobal lena mbaineann in aghaidh cinneadh maolaithe a dhéanamh ach amháin (i) nuair a chinnfidh an t-údarás inniúil, ó pheirspictíocht fhoriomlán, ar cheart tionscadal a bheith faoi réir measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol agus (ii) a luaithe a áiritheofar rannpháirtíocht éifeachtach an phobail lena mbaineann, is féidir níos mó deimhneachta dlíthiúla a thabhairt don nós imeachta ina iomláine.

55. Ar an tríú dul síos, chun críche na hanailíse seo, is cosúil domsa nach bhfuil baint ar bith ag an imthosca, arna ardú ag an gcúirt a rinne an tarchur san ordú tarchuir, nár chuir na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí i gcoinne an chinnidh maidir le cead pleanála ar bhonn lochtanna an chinnidh maolaithe. Ós rud é gur cuid den nós imeachta um thoiliú forbartha an cinneadh maolaithe, mar a mhaítear sa Tuairim seo, ní mór tionchar a bheith ag neamhbhailíocht an chinnidh sin ar chur i bhfeidhm an tionscadail forbartha, rud nach féidir a chur i gcrích gan an cinneadh sin.

56. I bhfianaise na mbreithnithe thuas, táim den tuairim nach mór Airteagal 11(2) de Threoir MTT a léirmhíniú sa chaoi, i gcás ina bhfuil cinneadh maolaithe arna ghlacadh faoi Airteagal 16(1) den Treoir maidir le Gnáthóga mar chuid de nós imeachta an toilithe forbartha a leagtar síos i dTreoir MTT, nach féidir an tréimhse chun agóid a dhéanamh i gcoinne dlíthiúlacht an mhaolaithe sin a thabhairt i gcrích don phobal lena mbaineann roimh dháta an chinnidh maidir le toiliú forbartha.

57. A mhéid atá an tríú ceist a tarchuireadh bunaithe ar an mbonn gur féidir an tréimhse chun agóid a dhéanamh i gcoinne dhlíthiúlacht ceadúnais maolaithe a thabhairt i gcrích roimh an dáta sin, ní gá freagra a thabhairt ar an gceist sin maidir le léiriú Airteagal 11(5) de Threoir MTT, mar a luaitear i mír 30 thuas.

B. An ceathrú agus an cúigiú ceist

58. Is léir ón anailís ar an gcéad cheist agus ar an dara ceist, i gcás ina bhfuil feidhm ag cinntí na Cúirte sa bhreithiúnas in *Namur-Est Environnement*, nach féidir an tréimhse chun agóid a dhéanamh i gcoinne dhlíthiúlacht cinnidh maidir le maolú a thabhairt i gcrích don phobal lena mbaineann roimh dháta an toilithe forbartha. Ós rud é gurb é sin an bonn ar a bhfuil an ceathrú agus an cúigiú ceist bunaithe, dá roinnfeadh an Chúirt m'anailís, bheadh uirthi freagra a thabhairt ar na ceisteanna sin freisin.

59. Mar mheabhrúchán, leis an gceathrú agus leis an gcúigiú ceist a tarchuireadh, féachann an chúirt a rinne an tarchur le soiléiriú a dhéanamh ar na coinníollacha nach mór a chomhlíonadh, ó thaobh na substainte de, chun cinneadh maolaithe a dheonú faoi Airteagal 16(1) den Treoir maidir le Gnáthóga. Fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go sonrach, ar an gcéad dul síos, an gceanglaítear leis an bhforáil sin scrúdú éifeachtach a dhéanamh ar réitigh mhalartacha ar an maolú a iarradh, mar shampla maidir le suíomh an speicis lena mbaineann nó díreach maidir leis an rogha gan an maolú sin a dheonú ar chor ar bith. Ar an dara dul síos, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an gcuirtear cosc le hAirteagal 16(1) den Treoir maidir le Gnáthóga ar údarás inniúil cinneadh maolaithe a ghlacadh chun tionscadal forbartha a chur i gcrích ar an bhforas go bhfuil an tionscadal sin ar mhaithe le fauna agus flora fiáine a chosaint agus gnáthóga nádúrtha a chaomhnú, mar a rinne an t-údarás inniúil sna príomhimeachtaí.

60. Mar a leanas ó mhíreanna 5 agus 6 den Tuairim seo, bunaítear le hAirteagal 12 den Treoir maidir le Gnáthóga córas dianchosanta don speicis ainmhithe a liostaítear in Iarscríbhinn IV(a) a ghabhann léi. Is é is aidhm don fhoráil sin a áirithiú go mairfidh speicis leochaileacha ainmhithe agus go gcosnófar iad trí thoirmeasc a chur ar ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh dóibh nó dá ngnáthóga. Go háirithe, toirmisctear leis meathlú nó scriosadh láithreacha pórúcháin agus áiteanna scíthe na n-ainmhithe sin.

61. Leagtar amach in Airteagal 16(1) den Treoir maidir le Gnáthóga, óna taobh féin, na coinníollacha faoinar féidir leis na Ballstáit eisceachtaí a dhéanamh ó na bearta dianchosanta le haghaidh speicis áirithe ainmhithe agus, dá bhrí sin, maolú ar Airteagal 12 den Treoir sin. Ceadaítear na maoluithe sin faoi imthosca sonracha, a liostaítear ar bhealach beacht agus uileghabhálach, amhail chun fauna agus flora fiáine a chosaint,[42] nó ar chúiseanna dianriachtanacha eile a bhaineann le leas poiblí sáraitheach, lena n-áirítear cúiseanna de chineál sóisialta nó eacnamaíoch.[43]

62. De réir chásdlí na Cúirte, cé go gceadaítear le hAirteagal 16(1) den Treoir maidir le Gnáthóga do na Ballstáit maolú ar Airteagal 12 di, tá maolú arna ghlacadh ar an mbonn sin, a mhéid a cheadaíonn sé do na Ballstáit sin na hoibleagáidí faoin gcóras um dhianchosaint speiceas nádúrtha a chur ar leataobh, faoi réir na gcoinníollacha nach bhfuil aon rogha shásúil ann agus nach ndéanann an maolú sin dochar do chothabháil líon na speiceas lena mbaineann ag stádas caomhantais fabhrach ina raon nádúrtha.[44]

[42] Féach Airteagal 16(1)(a) den Treoir maidir le Gnáthóga.

[43] Féach Airteagal 16(1)(c) den Treoir maidir le Gnáthóga.

[44] Breithiúnas an 11 Iúil 2024, *WWF Österreich agus páirtithe eile* (C-601/22, EU:C:2024:595, mír 49 agus an cásdlí dá dtagraítear).

63. Shonraigh an Chúirt freisin gur ar an údarás a ghlacann an cinneadh maidir le maolú atá an dualgas a chruthú go bhfuil na coinníollacha sin ann do gach maolú.[45] Thairis sin, ós rud é gurb ionann Airteagal 16 den Treoir maidir le Gnáthóga agus eisceacht ón gcóras cosanta dá bhforáiltear leis an Treoir sin, ní mór é a léirmhíniú go sriantach.[46] Ní mór an fhoráil sin a chur i bhfeidhm go hiomchuí freisin chun déileáil le ceanglais bheachta agus le cásanna sonracha.[47]

64. Ar an gcéad dul síos, is féidir a thuiscint go héasca ó ráitis na Cúirte roimhe seo, i gcás ina mbeartaíonn an t-údarás inniúil maolú a dheonú faoi Airteagal 16(1) den Treoir maidir le Gnáthóga, nach mór don údarás sin scrúdú a dhéanamh, mar réamhchéim, an féidir an cuspóir a shaothraítear leis an maolú sin a bhaint amach trí rogha mhalartach shásúil. Tá sé ráite go soiléir ag an gCúirt ina leith sin nach féidir maolú a dheonú ach amháin i gcás nach féidir an cuspóir atá á lorg leis an maolú a bhaint amach ar bhealach sásúil trí réiteach malartach.[48] Tá an oibleagáid réitigh mhalartacha a scrúdú i gcomhthéacs iarratas ar mhaolú ríthábhachtach, ós rud é, de réir fhoclaíocht Airteagal 16(1) den Treoir maidir le Gnáthóga, gur réamhchoinníollacha don mhaolú sin nach ann do na roghanna malartacha sin[49] agus an imthoisc nach bhfuil an tionscadal atá beartaithe díobhálach do chothabháil phobail na speiceas lena mbaineann ag stádas caomhantais fabhrach ina raon nádúrtha, rud a chiallaíonn nach mór diúltú d'iarratas den sórt sin i gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha sin.[50]

65. Ina theannta sin, tá sé tábhachtach a chur in iúl, de réir chásdlí na Cúirte, nach mór comhlíonadh oibleagáide foirmiúla ábhartha eile a bheith ag gabháil le scrúdú an údaráis inniúil. Go deimhin, agus cinneadh á dhéanamh maidir le hiarratas ar mhaolú, ní mór d'údarás inniúil ráiteas beacht agus leordhóthanach a sholáthar ar chúiseanna a thagraíonn do na cúiseanna, na coinníollacha agus na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 16(1) den Treoir maidir le Gnáthóga[51] agus, go háirithe, easpa réiteach sásúil eile lenar féidir na cuspóirí a bhfuiltear ag brath orthu chun tacú leis an maolú atá i gceist a bhaint amach.[52] Tá sé tábhachtach a mheabhrú go bhfuil an oibleagáid sin ríthábhachtach, *inter alia*, chun críocha fheidhmiú an chirt chun rochtain a fháil ar cheartas ag an bpobal lena mbaineann, mar a thuairiscítear sa chéad chuid den Tuairim seo. Tar éis an tsaoil, ní mór comhlíonadh na hoibleagáide cúiseanna a lua a chur ar chumas an phobail sin, i gcomhthéacs chur i bhfeidhm na mbeart cosanta speiceas, tuiscint a fháil ar na forais ar ghlac an t-údarás inniúil a chinneadh tar éis don nós imeachta maolaithe a thabhairt i gcrích agus, dá bhrí sin, cinneadh a dhéanamh, faoi na coinníollacha is fearr is féidir agus láneolach ar na himthosca, ar cheart caingean a thabhairt os comhair cúirte. Ag an am céanna, ní mór a cheadú leis an ráiteas ar chúiseanna don chúirt sin a cumhacht maidir le hathbhreithniú breithiúnach a fheidhmiú agus measúnú a dhéanamh, go háirithe, an bhfuil an cinneadh curtha ó bhail ag aon earráid nó nach bhfuil.[53]

66. Sa chás seo, eascraíonn sé ón bhfaisnéis a cuireadh ar fáil san ordú tarchuir nár scrúdaíodh aon réiteach malartach a bhfuil tionchar níos lú aige ar speicis atá faoi dhianchosaint, nó díreach an rogha gan an t-údarú a dheonú ar chor ar bith don tionscadal. Tugann an chúirt a rinne an

45 Ibid., mír 50 agus an cásdlí dá dtagraítear.

46 Ibid., mír 50 agus an cásdlí dá dtagraítear.

47 Ibid., mír 51 agus an cásdlí dá dtagraítear.

48 Féach breithiúnas an 10 Deireadh Fómhair 2019, *Luonnonsuojeluyhdistys Tapiola* (C-674/17, EU:C:2019:851, mír 47).

49 Féach, i ndáil leis sin, breithiúnas an 10 Bealtaine 2007, *an Coimisiún* v *an Ostair* (C-508/04, EU:C:2007:274, mír 115).

50 Féach, chuige sin, breithiúnas an 14 Meitheamh 2007, *an Coimisiún* v *an Fhionlainn* (C-342/05, EU:C:2007:341, mír 31).

51 Ibid., mír 25 agus an cásdlí dá dtagraítear.

52 Ibid., mír 30.

53 Féach, i ndáil leis sin, breithiúnas an 15 Meitheamh 2023, *Eco Advocacy* (C-721/21, EU:C:2023:477, mír 33). Ina theannta sin, tá an ráiteas ar chúiseanna ábhartha freisin don údarás atá i gceannas ar mheasúnú comhshaoil tionscadail a dhéanamh agus ar chinneadh um thoiliú forbartha a ghlacadh faoi Threoir MTT, mar a mhínítear sa chéad chuid den Tuairim seo.

tarchur dá haire go sonrach nár luadh sa chinneadh maolaithe atá i gceist sna príomhimeachtaí ach 'nach [raibh] aon réiteach sásúil ann'. Cé gur faoin gcúirt sin atá sé an measúnú críochnaitheach a dhéanamh ina leith sin, is féidir a thuiscint ón bhfaisnéis sin gur léir cosúil gur mhainnigh an t-údarás inniúil na hoibleagáidí a eascraíonn as Airteagal 16(1) den Treoir maidir le Gnáthóga a chomhlíonadh, eadhon an oibleagáid scrúdú a dhéanamh ar réitigh mhalartacha shásúla a bheith ann agus an oibleagáid chun cúiseanna beachta agus leordhóthanacha a sholáthar ina leith sin, mar a cheanglaítear go sainráite le cásdlí na Cúirte. [54]

67. Ar an dara dul síos, maidir le cé acu is féidir nó nach féidir le húdarás inniúil teacht ar an gconclúid, i gcinneadh maolaithe, go bhfuil sé ar mhaithe le fauna agus flora fiáine a chosaint agus gnáthóga nádúrtha a chaomhnú údarú a thabhairt d'fhorbróir maolú a dhéanamh ar fhorálacha Airteagal 12 den Treoir maidir le Gnáthóga, tugaim faoi deara go dtagraíonn an ráiteas sin, go háirithe, do na forais le maolú a leagtar síos in Airteagal 16(1)(a) den Treoir sin.

68. Go dtí seo, ní raibh an deis ag an gCúirt riamh brí na forála sin a léiriú ina cásdlí. Mar sin féin, leanann sé ó fhoclaíocht Airteagal 16(1)(a) den Treoir maidir le Gnáthóga go gceanglaítear le deonú maolaithe ar an bhforas sin go léireofar go gcuireann an maolú atá i gceist cosaint fauna agus flora fiáine agus caomhnú gnáthóg nádúrtha chun cinn go ginearálta. Foráiltear le hAirteagal 16(1)(a) den Treoir maidir le Gnáthóga go bunúsach sásra chun cothromaíocht a bhaint amach idir an gá atá le speicis agus gnáthóga áirithe a chosaint agus an gá a d'fhéadfadh a bheith ann speicis nó gnáthóga eile a d'fhéadfadh a bheith faoi bhagairt a bhainistiú. Fágann sé gur féidir cur chuige solúbtha a bheith ann maidir le caomhnú, ag aithint go bhfuil gá le hidirghabhálacha, i gcomhthéacsanna áirithe, chun sláinte fhadtéarmach na n-éiceachóras a áirithiú. Mar a luadh cheana, ós rud é gurb eisceacht é Airteagal 16(1)(a) den Treoir maidir le Gnáthóga ón gcóras cosanta dá bhforáiltear leis an Treoir sin, ní mór é a léirmhíniú go sriantach agus, i gcomhréir le cásdlí na Cúirte, i bhfianaise phrionsabal an réamhchúraim. [55]

69. Sa chomhthéacs sin, mar a áitíonn an Coimisiún, dealraíonn sé go bhfuil sé deacair a mheas go bhféadfadh tionscadal forbartha, amhail an tionscadal atá i gceist sna príomhimeachtaí, atá beartaithe chun aonaid chónaithe a thógáil a mbeidh mar thoradh air láithreáin scíthe coilíneacht speicis atá faoi dhianchosaint a scriosadh, teacht faoi raon feidhme an fhorais le haghaidh maolú a leagtar síos in Airteagal 16(1)(a) den Treoir maidir le Gnáthóga. Is amhlaidh is mó fós má chuirtear san áireamh, murab ionann agus na hoibleagáidí atá i bhfeidhm maidir le húdaráis inniúla, mar a míníodh cheana i mír 63 den Tuairim seo, nach dtugtar aon chúis le míniú a thabhairt ar an gcaoi a gcabhródh an tionscadal atá i gceist le fauna agus flora fiáine a chosaint agus gnáthóga nádúrtha a chaomhnú. Dá bhrí sin, mar a chuireann an chúirt a rinne an tarchur in iúl lena cúiseanna, tugann na heilimintí sin go léir le fios, i dteannta a chéile, go ndearna an t-údarás inniúil earráid fhollasach agus foras iomchuí an mhaolaithe a cuireadh i bhfeidhm ar an tionscadal atá i gceist sna príomhimeachtaí á lua.

70. I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, tagaim ar an gconclúid nach mór Airteagal 16(1) den Treoir maidir le Gnáthóga a léirmhíniú sa chaoi nach mór d'údarás inniúil scrúdú éifeachtach a dhéanamh ar réitigh mhalartacha chun maolú a dheonú faoin bhforáil sin agus nach mór don údarás sin na cúiseanna sonracha is bonn leis an maolú a cuireadh i bhfeidhm a lua. Thairis sin, ní féidir le húdarás inniúil brath ar an bhforas le haghaidh maolú a leagtar síos in

[54] Sin go díreach an cur chuige a thuairiscigh Rialtas na hÉireann in 'Treoraíocht maidir le dianchosaint do speicis áirithe ainmhithe agus plandaí faoin Treoir maidir le Gnáthóga in Éirinn, lgh. 11 agus 12, atá ar fáil ag https://www.npws.ie/sites/default/files/files/strict-protection-of-certain-animal-and-plant-species.pdf

[55] Féach, de réir analaí, breithiúnas an 10 Deireadh Fómhair 2019, *Luonnonsuojeluyhdistys Tapiola* (C-674/17, EU:C:2019:851, míreanna 66 agus 69).

Airteagal 16(1)(a) den Treoir maidir le Gnáthóga chun tionscadal forbartha a údarú, go háirithe i gcás nach dtugtar aon chúis chun míniú a thabhairt ar an gcaoi a gcuireann an tionscadal sin cosaint fauna agus flora fiáine agus caomhnú gnáthóg nádúrtha chun cinn.

V. Conclúid

71. Ar bhonn na hanailíse a leagtar amach thuas, molaim go bhfreagródh an Chúirt na ceisteanna a tharchuir an Ard-Chúirt (Éire) mar seo a leanas:

(1) Maidir le hAirteagal 11(2) de Threoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol,

ní mór léiriú a dhéanamh amhail, i gcás ina bhfuil cinneadh maolaithe arna ghlacadh faoi Airteagal 16(1) de Threoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú mar chuid de nós imeachta um thoiliú forbartha a leagtar síos i dTreoir 2011/92, nach féidir an tréimhse chun agóid a dhéanamh i gcoinne dhlíthiúlacht an mhaolaithe sin don phobal lena mbaineann a thabhairt i gcrích roimh dháta an chinnidh um thoiliú forbartha.

(2) Maidir le hAirteagal 16(1) de Threoir 92/43,

ní mór léiriú a dhéanamh amhail is go bhfuil ar údarás inniúil scrúdú éifeachtach a dhéanamh ar réitigh mhalartacha chun maolú a dheonú faoin bhforáil sin agus nach mór don údarás sin na cúiseanna sonracha is bonn leis an maolú a cuireadh i bhfeidhm a lua. Thairis sin, ní féidir le húdarás inniúil brath ar an bhforas le maolú a leagtar síos in Airteagal 16(1)(a) de Threoir 92/43 chun tionscadal forbartha a údarú, go háirithe i gcás nach dtugtar aon chúis chun míniú a thabhairt ar an gcaoi a chuireann an tionscadal sin cosaint fauna agus flora fiáine agus caomhnú gnáthóg nádúrtha chun cinn.